# Cinneadh ón Ombudsman Eorpach lena nglactar Forálacha Cur Chun Feidhme

(C/2023/161)

*Airteagal 1*

## Sainmhínithe

Chun críocha na bhforálacha cur chun feidhme seo:

(a) ciallaíonn 'institiúid' institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh;

(b) ciallaíonn 'Reacht' an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear feidhmíocht dhualgais an Ombudsman ([1]);

(c) is é an 'tOmbudsman' an duine arna thoghadh/toghadh ag Parlaimint na hEorpa de bhun Airteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

(d) cuimsíonn an 'Rúnaíocht' oifigigh agus gníomhairí eile a thugann cúnamh don Ombudsman;

(e) ciallaíonn 'doiciméad' aon ábhar, is cuma cén meán ina bhfuil sé (i scríbhinn ar pháipéar nó arna stóráil i bhfoirm leictreonach nó mar thaifeadadh fuaime, mar thaifeadadh amhairc nó mar thaifeadadh closamhairc).

*Airteagal 2*

## Fáil gearán

1. Glacfaidh an tOmbudsman le gearáin a chuirfear isteach i scríbhinn. Déanfaidh an tOmbudsman bearta iomchuí chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas an ceart atá acu chun gearán a chur isteach a fheidhmiú.

2. Déanfaidh gearánach aon fhaisnéis sa ghearán a mheasann sé/sí a bheith rúnda a shainaithint. Fiú amháin má shainaithníonn gearánach faisnéis den sórt sin a bheith rúnda, ní bheidh aon chosc ar an Ombudsman, chun críocha fiosrúchán a dhéanamh, an fhaisnéis sin a chur in iúl don institiúid lena mbaineann. Cuirfidh an tOmbudsman an institiúid ar an eolas faoin bhfaisnéis a mheasann an gearánach a bheith rúnda.

3. I gcásanna iomchuí, agus le toiliú an ghearánaigh, féadfaidh an tOmbudsman gearán a aistriú chuig údarás inniúil eile.

*Airteagal 3*

## Gearáin a phróiseáil

1. Déanfaidh an tOmbudsman gearáin a láimhseáil in aon teanga oifigiúil agus oibre de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh. ([2]) Déanfaidh an tOmbudsman cumarsáid leis an ngearánach i dteanga an ghearáin, ach amháin má ghlacann an gearánach le cumarsáidí a fháil i dteanga oifigiúil agus oibre eile de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh.

2. Cinnfidh an tOmbudsman an bhfuil gearán inghlactha i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den Reacht. Féadfaidh an Rúnaíocht iarraidh ar an ngearánach tuilleadh faisnéise nó doiciméad a chur ar fáil chun cur ar chumas an Ombudsman an cinneadh sin a dhéanamh.

3. Más rud é nach bhfuil gearán inghlactha, cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas dá réir agus dúnfaidh sé an comhad ar an ngearán.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) (IO L 253, 16.7.2021, lch. 1).

([2]) Thug an tOmbudsman Eorpach comhaontú riaracháin i gcrích le Ríocht na Spáinne chun cead a thabhairt, i gcomhthéacs cumarsáidí idir an tOmbudsman Eorpach agus saoránaigh agus cónaitheoirí na Spáinne, úsáid oifigiúil a bhaint as na teangacha eile a bhfuil stádas acu atá aitheanta i gcomhréir le Bunreacht na Spáinne 1978, chomh maith le Spáinnis/Castilian.

4. I gcás ina gcinneann an tOmbudsman go bhfuil forais ann chun gearán inghlactha a fhiosrú, osclaíonn an tOmbudsman fiosrúchán. Má mheasann an tOmbudsman nach bhfuil aon fhorais ann chun fiosrúchán a sheoladh, lena n-áirítear nuair is follasach go bhfuil gearán gan bhunús, cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas dá réir sin agus dúnfaidh sé an comhad ar an ngearán.

5. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tOmbudsman an institiúid lena mbaineann a chur ar an eolas faoi ghearáin neamh-inghlactha nó faoi ghearáin ina gcinneann an tOmbudsman nach bhfuil aon fhorais ann fiosrúchán a oscailt.

6. I gcomhréir le hAirteagal 2 den Reacht, má mheasann an tOmbudsman gur iomchuí déanamh amhlaidh, féadfaidh an tOmbudsman bearta a ghlacadh chun a áirithiú go ndéileálfar le gearán mar ábhar tosaíochta, agus cineál sonrach gearáin á chur san áireamh, lena n-áirítear i réimsí amhail sceithireacht agus ciapadh.

7. Déileálfaidh an tOmbudsman le cumarsáidí maslacha agus le gearáin arb ionann iad agus drochúsáid próisis de réir treoirlínte arna nglacadh chun na críche sin. Foilseofar na treoirlínte sin ar shuíomh gréasáin an Ombudsman.

*Airteagal 4*

**Gníomhartha bailithe faisnéise le linn fiosrúchán**

1. Nuair a aimsíonn an tOmbudsman forais chun fiosrúchán a oscailt, sainaithneoidh sé/sí na líomhaintí arna ndéanamh ag an ngearánach ar líomhaintí iad a thagann faoi raon feidhme an fhiosrúcháin.

2. Féadfaidh an tOmbudsman iarraidh ar an institiúid lena mbaineann freagra a chur ar fáil i dtaca leis na líomhaintí sin. Féadfaidh an tOmbudsman iarraidh ar an institiúid lena mbaineann freisin na tuairimí uaithi ar ghnéithe sonracha de na líomhaintí agus ar shaincheisteanna sonracha a eascraíonn as an ngearán nó a bhaineann leis an ngearán a leagan amach sa fhreagra uaithi.

3. Ar iarratas ón Ombudsman, soláthróidh institiúidí faisnéis don Ombudsman, lena n-áirítear doiciméid, chun críocha fiosrúcháin i gcomhréir le hAirteagal 5 den Reacht. Féadfaidh foireann fiosrúcháin an Ombudsman an fhaisnéis a scrúdú agus doiciméid a iniúchadh, ag áitreabh na hinstitiúide lena mbaineann nó trí mheán leictreonach. Soláthrófar faisnéis rúnaicmithe AE ag áitreabh na hinstitiúide lena mbaineann, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Ombudsman.

4. Tabharfaidh an institiúid freagra ar na hábhair dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 laistigh den chreat ama a shonróidh an tOmbudsman, tréimhse nach faide ná 3 mhí de ghnáth. Is réasúnach a bheidh an creat ama beacht chun freagra a chur ar fáil, agus castacht agus práinn an fhiosrúcháin á gcur san áireamh. Má mheasann an tOmbudsman go bhfuil an fiosrúchán chun leas an phobail, is chomh gearr agus is féidir le réasún a bheidh an creat ama chun freagra a chur ar fáil. Mura bhfuil an institiúid lena mbaineann in ann freagra a chur ar fáil laistigh den chreat ama socraithe, déanfaidh sí iarratas réasúnaithe ar fhadú ar an tréimhse.

5. Féadfaidh an tOmbudsman iarraidh ar an institiúid lena mbaineann cruinniú a eagrú le foireann fiosrúcháin an Ombudsman chun saincheisteanna a thagann faoi raon feidhme an fhiosrúcháin a shoiléiriú.

6. Féadfaidh an tOmbudsman éisteacht a thabhairt d'oifigigh nó do sheirbhísigh eile institiúide i gcomhréir le hAirteagal 7 den Reacht.

7. Féadfaidh an tOmbudsman, chun críocha fiosrúchán a dhéanamh, iarraidh ar Bhallstát, trína Bhuanionadaíocht, faisnéis nó doiciméid a bhaineann leis an drochriarachán líomhnaithe ag institiúid a chur ar fáil de réir na rialacha arna leagan síos sa Reacht.

8. Nuair a sholáthraíonn institiúid nó Ballstát faisnéis nó doiciméid don Ombudsman de bhun mhír 2, 3, 5 nó 7, déanfaidh sí nó sé faisnéis rúnaicmithe AE nó aon fhaisnéis eile a mheasann siad a bheith rúnda a shainaithint go soiléir. Ní nochtfaidh an tOmbudsman aon fhaisnéis rúnda den sórt sin don ghearánach ná don phobal gan chomhaontú roimh ré a fháil i scríbhinn ón institiúid nó ón mBallstát lena mbaineann. Déileálfaidh an tOmbudsman le faisnéis rúnaicmithe AE i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Reacht agus i gcinneadh an Ombudsman maidir le rialacha agus nósanna imeachta slándála maidir le rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe AE.

9. Ar iarratas ón Ombudsman, soláthróidh institiúidí a bhfreagraí i dteanga an ghearáin. I gcás inar gá sin, féadfaidh an tOmbudsman iarraidh ar na hinstitiúidí cóipeanna de na doiciméid ábhartha a chur ar fáil i dteanga an ghearáin. Agus iarraidh den sórt sin á déanamh aige/aici, gníomhóidh an tOmbudsman go comhréireach maidir le riachtanais an ghearánaigh agus gníomhóidh sé/sí go réasúnta maidir le hacmhainní na n-institiúidí.

10. Ní choinneoidh an tOmbudsman seilbh ar dhoiciméid nó ar fhaisnéis a fuarthas ó institiúid nó ó Bhallstát le linn fiosrúcháin agus atá sainaitheanta, ag an institiúid sin nó ag an mBallstát sin, mar dhoiciméid nó mar fhaisnéis rúnda, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe AE, ach amháin fad a bheidh an fiosrúchán ar siúl agus nach mbeidh an tréimhse ama chun déileáil le haon iarratas ar athbhreithniú de bhun Airteagal 9.3 dulta in éag. Scriosfar doiciméid nó faisnéis den sórt sin tar éis don fhiosrúchán a bheith dúnta agus tar éis don tréimhse ama chun déileáil le haon iarraidh ar athbhreithniú a bheith dulta in éag. Féadfaidh an tOmbudsman iarraidh ar institiúid nó ar Bhallstát doiciméid nó faisnéis den sórt sin a choinneáil go ceann tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis dóibh fógra a fháil nach bhfuil na doiciméid nó an fhaisnéis i seilbh an Ombudsman a thuilleadh.

11. Mura soláthraíonn institiúid nó Ballstát an cúnamh atá tuairiscithe i míreanna 2, 3, 5 agus 7 don Ombudsman, meabhróidh an tOmbudsman don institiúid nó don Bhallstát lena mbaineann an chúis gur gá an cúnamh sin. Má tharlaíonn sé, tar éis plé a dhéanamh leis an institiúid nó leis an mBallstát lena mbaineann, nach féidir an t-ábhar a réiteach chun sástacht an Ombudsman, d'fhéadfadh an tOmbudsman Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas agus déanfaidh sí cibé bearta a mheasann sí a bheith iomchuí.

12. Féadfaidh an tOmbudsman, chun críocha fiosrúchán a dhéanamh, iarraidh ar an ngearánach nó ar aon tríú páirtí faisnéis nó doiciméid a chur ar fáil don Ombudsman, nó faisnéis nó doiciméid a cuireadh ar fáil cheana féin a shoiléiriú. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tOmbudsman tuairimí an ghearánaigh a lorg ar sheasamh na hinstitiúide, gan dochar d'Airteagal 5(8) den Reacht. Féadfaidh an tOmbudsman cruinniú a iarraidh leis an ngearánach freisin chun saincheisteanna a thagann faoi raon feidhme an fhiosrúcháin a shoiléiriú. Féadfaidh an tOmbudsman fiosrúchán a dhúnadh sa chás gur theip ar an ngearánach aon fhaisnéis a iarradh atá riachtanach chun an fiosrúchán a thabhairt chun críche a chur ar fáil.

13. Féadfaidh an tOmbudsman staidéir nó tuarascálacha saineolaithe a choimisiúnú a mheastar a bheith ábhartha maidir le feidhmiú shainordú an Ombudsman, lena n-áirítear i gcásanna a luaitear in Airteagal 2(6) den Reacht.

*Airteagal 5*

**Tograí le haghaidh réiteach**

1. Má mheasann an tOmbudsman gur féidir gearán a réiteach, déanfaidh an tOmbudsman iarracht teacht ar réiteach leis an institiúid lena mbaineann chun cás drochriaracháin a leigheas.

2. Tabharfaidh an institiúid lena mbaineann freagra ar an togra le haghaidh réitigh ón Ombudsman laistigh de chreat ama sonraithe, tréimhse nach faide ná 3 mhí de ghnáth. Is réasúnach a bheidh an creat ama beacht chun freagra a chur ar fáil, agus castacht agus práinn an fhiosrúcháin á gcur san áireamh. Má mheasann an tOmbudsman go bhfuil an fiosrúchán chun leas an phobail, is chomh gearr agus is féidir le réasún a bheidh an creat ama chun freagra a chur ar fáil. Mura bhfuil an institiúid lena mbaineann in ann freagra a chur ar fáil laistigh den chreat ama socraithe, déanfaidh sí iarratas réasúnaithe ar fhadú ar an tréimhse.

3. Cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoin réiteach a moladh agus faoin bhfreagra ón institiúid ar an moladh sin tar éis dó an freagra ón institiúid lena mbaineann a fháil. Féadfaidh an gearánach tuairimí a chur faoi bhráid an Ombudsman laistigh mhí.

*Airteagal 6*

**Torthaí, moltaí agus dúnadh fiosrúchán**

1. Féadfaidh an tOmbudsman moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúchán le linn fiosrúcháin.

2. Más rud é go gcinneann an tOmbudsman nach raibh drochriarachán ann, gur thángthas ar réiteach nó nach bhfuil údar ann le tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, dúnfar an fiosrúchán ach cinneadh a eisiúint ina leagtar amach na torthaí. Sa chinneadh lena ndúntar an fiosrúchán, féadfaidh an tOmbudsman feabhsuithe a mholadh maidir le saincheisteanna a sainaithníodh le linn an fhiosrúcháin. Seolfaidh an tOmbudsman an cinneadh chuig an ngearánach agus chuig an institiúid lena mbaineann.

3. Má chinneann an tOmbudsman go raibh drochriarachán ann, déanfaidh an tOmbudsman aon mholadh/aon mholtaí cuí don institiúid lena mbaineann in gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Reacht agus iarrfaidh sé ar an institiúid lena mbaineann tuairim a chur ar fáil ar an moladh/na moltaí laistigh de 3 mhí. Luafar sa tuairim sin cé acu ar chuir nó nár chuir an institiúid an moladh/na moltaí chun feidhme agus, más rud é gur chuir, cén dóigh ar chuir sí é/iad chun feidhme, nó an bhfuil sé beartaithe aici é/iad a chur chun feidhme agus, más rud é go bhfuil, cén dóigh a bhfuil sé beartaithe é/iad a chur chun feidhme. Déanfaidh an tOmbudsman an tuairim a sheoladh ar aghaidh chuig an ngearánach, agus féadfaidh sé nó sí ráitis a dhéanamh ar an tuairim laistigh de mhí.

4. Tar éis dó anailís a dhéanamh ar an tuairim ón institiúid lena mbaineann agus ar aon tuairimí a chuir an gearánach isteach i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, féadfaidh an tOmbudsman an fiosrúchán a dhúnadh ach na torthaí a leagan amach. I gcás ina ndúnann an tOmbudsman an fiosrúchán le cinneadh go raibh drochriarachán ann, féadfaidh an tOmbudsman aon mholadh/aon mholtaí a rinneadh roimhe sin a athdhearbhú.

5. Má thagann an tOmbudsman ar an eolas go bhfuil an t-ábhar atá á imscrúdú ina ábhar d'imeachtaí dlíthiúla, dúnfaidh an tOmbudsman an fiosrúchán agus cuirfidh sé an gearánach agus an institiúid ar an eolas faoi sin.

*Airteagal 7*

**Tuarascálacha chuig an bParlaimint**

1. Tabharfaidh an tOmbudsman tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa ar fhiosrúcháin an Ombudsman ar bhonn rialta, lena n-áirítear trí bhíthin tuarascála bliantúla, ina n-áireofar measúnú ar chomhlíonadh mholtaí an Ombudsman, tograí le haghaidh réiteach agus moltaí le haghaidh feabhsúcháin. Áireofar sa tuarascáil freisin, i gcás inarb ábhartha, toradh fhiosrúchán an Ombudsman maidir le ciapadh, sceithireacht agus coinbhleachtaí leasa laistigh de na hinstitiúidí.

2. Féadfaidh an tOmbudsman Tuarascáil Speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, tar éis dó a chur in iúl don institiúid lena mbaineann go ndéanfar tuarascáil den chineál sin. Is féidir le tuarascálacha speisialta aon fhiosrúchán a chuimsiú ina gcinneann an tOmbudsman go bhfuil drochriarachán ann agus ina measann an tOmbudsman go bhfuil an cás ina ábhar leas ar leith don phobal.

*Airteagal 8*

**Fiosrúcháin féintionscnaimh agus fiosrúcháin leantacha**

1. I gcomhréir le dualgais an Ombudsman mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1(3) agus in Airteagal 3(3) den Reacht, seolfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin féintionscnaimh a bhfuil forais faighte ag an Ombudsman ina leith.

2. Féadfaidh an tOmbudsman, lasmuigh de raon feidhme na bhfiosrúchán, dul i dteagmháil leis na hinstitiúidí i scríbhinn, chun feasacht a mhúscailt, tuairimí a roinnt nó faisnéis a bhailiú faoi chleachtais riaracháin. Laistigh de theorainneacha Airteagal 1(3) den Reacht agus i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de, féadfaidh an tOmbudsman a chinneadh fiosrúcháin féintionscnaimh a sheoladh tar éis teagmhálacha den sórt sin leis na hinstitiúidí.

3. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta is infheidhme maidir le fiosrúcháin a osclaítear tar éis gearán a fháil maidir le fiosrúcháin féintionscnaimh faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 a mhéid is atá siad ábhartha do na fiosrúcháin sin.

*Airteagal 9*

**Cearta nós imeachta an ghearánaigh**

1. Coinneoidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas maidir le dul chun cinn an fhiosrúcháin.

2. Ag céim ar bith le linn an fhiosrúcháin, féadfaidh an gearánach barúlacha a chur isteach nó faisnéis bhreise a sholáthar nach raibh ar an eolas aige nó aici tráth a cuireadh an gearán isteach agus a thagann faoi raon feidhme fhiosrúchán an Ombudsman.

3. Beidh sé de cheart ag gearánach athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh a rinneadh de bhun Airteagal 3(3) agus Airteagal 3(4) agus ar aon toradh i gcinneadh lena ndúntar fiosrúchán, cé is moite de thorthaí inar aimsíodh drochriarachán. Is i gcinneadh ón Ombudsman a leagfar amach na rialacha mionsonraithe ar an dóigh a ndéileálfaidh an tOmbudsman le hiarratais ar athbhreithniú, agus déanfar iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Ombudsman.

4. Agus iarratas ar athbhreithniú á dhéanamh aige nó aici de bhun mhír 3, beidh an gearánach i dteideal rochtain a iarraidh ar chomhad an Ombudsman maidir leis an ngearán. Comhlíonfaidh nochtadh faisnéise sa chomhad don ghearánach na rialacha a leagtar síos sa Reacht agus, go háirithe, in Airteagal 5(8) de.

5. Chun leasanna dlisteanacha an ghearánaigh nó tríú páirtí a chosaint, féadfaidh an tOmbudsman faisnéis a shainaithint mar fhaisnéis rúnda i ngearán nó i ndoiciméid eile, agus an institiúid a chur ar an eolas dá réir sin. In imthosca eisceachtúla, amhail gearáin a bhaineann le sceithireacht, féadfaidh an tOmbudsman cinneadh a dhéanamh gan céannacht an ghearánaigh a chur in iúl don institiúid lena mbaineann.

6. Féadfaidh an gearánach gearán a tharraingt siar ag aon chéim d'fhiosrúchán. Ní chuirfidh sé sin cosc ar an Ombudsman fiosrúchán féintionscnaimh a oscailt ar ábhar an ghearáin.

*Airteagal 10*

**Cearta nós imeachta na n-institiúidí**

Áiritheoidh an tOmbudsman go gcoinneofar institiúidí ar an eolas faoi fhiosrúcháin an Ombudsman agus faoina dtorthaí agus go dtabharfar an deis dóibh barúlacha agus fianaise a thíolacadh mar a fhoráiltear sa Chinneadh seo agus sa Reacht.

*Airteagal 11*

**Tarmligean láimhseáil gearán**

Féadfaidh an tOmbudsman codanna den phróiseas láimhseála gearáin a tharmligean chuig an Rúnaíocht. Cuirfidh an Rúnaíocht an gearánach ar an eolas faoin gceart chun iarraidh ar an Ombudsman athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh arna ghlacadh ag an Ombudsman nó ag a Rúnaíocht i gcomhréir le cinneadh an Ombudsman maidir le hiarratais ar athbhreithniú.

*Airteagal 12*

**Comhoibriú le hoifigí ombudsman agus le comhlachtaí den chineál céanna sna Ballstáit**

1. Féadfaidh an tOmbudsman comhoibriú le hoifigí ombudsman agus le comhlachtaí den chineál céanna sna Ballstáit, lena n-áirítear trí Líonra Eorpach na nOmbudsman, i gcomhréir leis an Reacht.

2. Is féidir le comhaltaí Líonra Eorpach na nOmbudsman ceisteanna a chur faoi bhráid an Ombudsman maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Aontas Eorpach. I gcás ina measann an tOmbudsman é a bheith iomchuí, féadfaidh an tOmbudsman freagra a lorg ón institiúid ábhartha maidir leis an gceist.

*Airteagal 13*

**Foilsiú faisnéise faoi fhiosrúcháin**

Féadfaidh an tOmbudsman faisnéis neamh-rúnaicmithe agus neamhrúnda a chur ar fáil don phobal maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar fhiosrúchán. Go sonrach, i bhfiosrúcháin ar mhaithe le leas an phobail, féadfaidh an tOmbudsman malartuithe leis na hinstitiúidí nó leis na Ballstáit a chur ar fáil don phobal, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 5(8) den Reacht.

*Airteagal 14*

**Teacht i bhfeidhm**

1. Aisghaireann an tOmbudsman na forálacha cur chun feidhme arna nglacadh an 20 Iúil 2016.

2. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Deireadh Fómhair 2023. Beidh feidhm aige maidir le gach fiosrúchán atá ar siúl ar an dáta sin, maidir le gach fiosrúchán a osclaíodh ar an dáta sin agus maidir le haon ghearáin nach raibh seasamh tógtha ag an Ombudsman ina leith tráth an dáta sin.

3. Foilseoidh an tOmbudsman an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ar shuíomh gréasáin an Ombudsman.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 21 Meitheamh 2023.

Emily O'REILLY
*An tOmbudsman Eorpach*